Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**6326/21**

**COHOM 32**
**COPS 62**
**CONUN 15**
**COASI 24**
**MAMA 28**
**COEST 44**
**COAFR 51**
**DEVGEN 30**
**CFSP/PESC 152**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 22 Feabhra 2021 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2021 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo na Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais ag Fóraim na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine in 2021, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3785ú cruinniú dá cuid a bhí ar siúl an 22 Feabhra 2021.

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tosaíochtaí an Aontais i bhFóraim na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta an Duine in 2021**

1. Tá an tAontas tiomanta cearta an duine, an daonlathas agus an smacht reachta a urramú, a chosaint agus a chomhlíonadh agus tacaíonn sé d'aon ghuth le córas na Náisiún Aontaithe um chearta an duine mar bhunchloch dá ghníomhaíocht sheachtrach. Tá cur chun cinn chórais dhomhanda le haghaidh chearta an duine i gcroílár thiomantas an Aontais an t-iltaobhachas agus ceannaireacht an Aontais a neartú chun tacú leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe. I gcomhthéacs **phaindéim COVID-19,** ar measa dá barr na héagothromaíochtaí a bhí ann cheana féin agus a bhfuil tionchar díréireach á imirt aici ar dhaoine atá i gcás leochaileach, geallann an tAontas Eorpach go n-áiritheoidh sé go bhfanfaidh cearta an duine, lena n-áirítear lánteachtadh ceart ban agus cailíní, mar aon le cearta daoine faoi mhíchumas, cearta daoine scothaosta agus cearta leanaí, ag croílár na freagartha ar an bpaindéim agus an téarnaimh dhomhanda. Tacaíonn an tAontas le cur chun feidhme éifeachtach Ghlao Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe ar Ghníomhaíocht maidir le Cearta an Duine mar aon lena cheannaireacht i dtaca le cearta an duine a chur i gcroílár na freagartha ar COVID-19.

2. Leanfaidh an tAontas d'fhaireachán a dhéanamh ar staid chearta an duine ar fud an domhain agus de **sháruithe agus mí-úsáidí i ndáil le cearta an duine a cháineadh** cibé áit a dtarlaíonn siad, agus leas á bhaint aige as gach ionstraim dá bhfuil ann, lena n-áirítear córas domhanda smachtbhannaí an Aontais i ndáil le cearta an duine, agus a chur i bhfáth arís gur cearta uilíocha, doroinnte, idirspleácha agus idirghaolmhara iad cearta an duine. Iarrfaidh sé ar stáit agus ar ghníomhaithe neamhstáit araon aghaidh a thabhairt ar sháruithe agus ar mhí-úsáidí agus iad a chosc agus céimeanna a thabhairt láithreach bonn chun deireadh a chur leo agus an ceartas, an chuntasacht agus comhrac na saoirse ó phionóis a chur chun cinn.

3. Tacóidh an tAontas go hiomlán le hobair agus le sainordú **Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus a hoifige** agus iarrfaidh sé ar gach stát a neamhspleáchas a urramú agus comhoibriú chun go gcuirfear a sainordú i gcrích go héifeachtach, agus maoiniú leordhóthanach a áirithiú. Leanfaidh an tAontas de chomhpháirtíochtaí a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar thearc-chistiú tubaisteach cholún na Náisiún Aontaithe um chearta an duine. Áiteoidh an tAontas nár cheart cearta an duine a úsáid mar ionstraim; gur cheart an plé a bheith bunaithe go docht ar fhíricí.

4. Leanfaidh an tAontas d'úsáid a bhaint as **gach uirlis dá bhfuil ar fáil** chun a ghealltanais i ndáil le cearta an duine a chomhlíonadh, lena n-áirítear faoi chuimse Chomhairle na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus aon fhóram ábhartha eile, i gcomhchuibheas le Conradh an Aontais Eorpaigh agus Cairt na Náisiún Aontaithe. Tabharfaidh sé aghaidh ar an staid i dtríú tíortha agus leagfaidh sé síos an clár oibre maidir le príomh-shaincheisteanna téamacha. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach i **neartú na Comhairle um Chearta an Duine**, lena n-áirítear tríd an nasc idir Nua-Eabhrac agus an Ghinéiv a threisiú, á aithint dó an ról uathúil atá aici agus an breisluach a ghabhann léi. Meabhrófar dó gur cheart do chomhaltaí uile na Náisiún Aontaithe, go háirithe comhaltaí na Comhairle um Chearta an Duine, na caighdeáin is airde maidir le cearta an duine a chaomhnú agus comhoibriú go hiomlán leis an gComhairle um Chearta an Duine agus lena sásraí. Glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach sa **phróiseas athbhreithniúcháin ar chóras na gcomhlachtaí conarthaí**, agus athdhearbhaíonn sé a thiomanta atá sé éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chórais a neartú, iomláine agus neamhspleáchas na gcomhlachtaí conarthaí a chaomhnú agus leanfaidh sé dá dhícheall a dhéanamh chun an chosaint do shealbhóirí ceart a neartú. **Leanfaidh an tAontas de chosaint agus tacaíocht a thabhairt d'obair** agus neamhspleáchas na **nósanna imeachta speisialta** mar chuid shár-riachtanach de Chóras na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na stáit uile aontú do **chonarthaí um chearta an duine** agus a bhforálacha a chur chun feidhme ina n-iomláine ar an leibhéal náisiúnta. Leanfaidh an tAontas dá thiomantas i leith an tsaoirse ó phionós a chomhrac agus ní staonfaidh sé de thacaíocht a thabhairt don Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC) agus iarrann sé go ndéanfar daingniú uilechoiteann ar Reacht na Róimhe agus go gcomhoibreofar go hiomlán leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta.

5. **Athnuann an tAontas a thacaíocht do chosantóirí chearta an duine** agus d'**eagraíochtaí na sochaí sibhialta** agus cloíonn sé lena thiomantas faobhar a chur ar mhodhanna coisctheacha agus frithghníomhacha araon chun cosantóirí chearta an duine a chosaint, go háirithe banchosantóirí chearta an duine, na daoine sin a bhíonn ag obair ar chearta talún, cearta comhshaoil, cearta na bpobal dúchasach, cearta daoine ar de ghrúpaí mionlaigh iad, cearta daoine leispiacha, aeracha, déghnéasacha, trasinscneacha agus idirinscneacha, cearta saothair, mar aon le cosantóirí eile chearta an duine atá i gcás leochaileach. Leanfaidh an tAontas de bhagairtí, d'ionsaithe agus de mharú chosantóirí chearta an duine a cháineadh go láidir. Tabharfaidh an tAontas aird ar leith ar chosantóirí chearta an duine atá thíos le bearta díoltais tar éis teagmháil le córas na Náisiún Aontaithe agus leanfaidh sé de thacaíocht a thabhairt d'obair Ardrúnaí Cúnta na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i ndáil leis sin. Cuirfidh sé leis an tacaíocht a thugann sé chun timpeallacht chumasúcháin a chruthú don tsochaí shibhialta agus cuirfidh sé i gcoinne srianta neamhréireacha dlíthiúla agus riaracháin ar eagraíochtaí na sochaí sibhialta lena gcuirtear teorainn ar chumas na n-eagraíochtaí sin feidhmiú, lena n-áirítear córais phionósacha chlárúcháin agus srianta ar chistiú a fháil nó srian riaracháin ar eagraíochtaí a chlárú.

6. Déanfaidh an tAontas iarrachtaí idirnáisiúnta a chur chun cinn go fuinniúil agus iad a uas-scálú ar son **an chomhionannais inscne**, ar son cearta uile an duine a bheith á lánteachtadh ag mná agus cailíní agus ar mhaithe lena gcumhachtú, i gcomhréir lena ghealltanais idirnáisiúnta. Tapóidh an tAontas gach deis ag gach fóram ábhartha chun bailíocht na ngealltanas sin a athdhearbhú, lena n-áirítear ag Coimisiún na Náisiún Aontaithe um Stádas na mBan. Leanfaidh an tAontas de chomhtháthú ghné na hinscne a chur chun cinn i bhfóraim uile na Náisiún Aontaithe maidir le cearta an duine.

7. Tá an tAontas tiomanta i gcónaí cearta uile an duine a chur chun cinn, a chosaint agus a chomhlíonadh, Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising agus Clár Oibre na Comhdhála Idirnáisiúnta maidir le Daonra agus Forbairt a chur chun feidhme go héifeachtach agus go hiomlán, mar aon le pé toradh a bheidh ar a gcuid comhdhálacha athbhreithniúcháin, agus sa chomhthéacs sin, leanann an tAontas de bheith tiomanta **do shláinte agus cearta gnéis agus atáirgthe**. Á choimeád sin i gcuimhne dó, athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta do chur chun cinn, cosaint agus comhlíonadh cheart gach duine chun smacht iomlán a bheith acu ar ábhair a bhaineann lena ngnéasacht agus lena sláinte gnéis agus atáirgthe, saor ó idirdhealú, ó chomhéigean agus ó fhoréigean, agus chun cinneadh a dhéanamh gan bhac agus ar bhealach freagrach ina leith sin. In athuair, cuireann an tAontas i bhfios go láidir a riachtanaí atá an rochtain uilíoch ar fhaisnéis ardcháilíochta, inacmhainne, chuimsitheach i leith na sláinte gnéis agus atáirgthe agus i leith an oideachais, lena n-áirítear oideachas cuimsitheach gnéasachta, agus seirbhísí cúraim sláinte.

8. Leanfaidh an tAontas de gach cineál foréigin gnéis agus **foréigin inscnebhunaithe** a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear foréigean teaghlaigh, agus leanfaidh sé de dhéantóirí an fhoréigin a thabhairt chun cuntais, lena n-áirítear tríd an Meitheal Cairde atá faoi stiúir an Aontais chun an foréigean in aghaidh na mban agus na gcailíní a dhíothú. Athdhearbhaíonn sé a riachtanaí atá sé go mbeadh fir agus buachaillí páirteach má táthar chun deireadh a chur le foréigean inscnebhunaithe, an neamhionannas inscne a dhíothú, agus aghaidh a thabhairt ar noirm shóisialta idirdhealaitheacha agus steiréitíopaí inscne a chomhrac. Leanfaidh an tAontas de UNSCR 1325 agus rúin ghaolmhara eile ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le mná, síocháin agus slándáil a chur chun feidhme, agus é d'aidhm aige go mbeidh na mná rannpháirteach go hiomlán agus go comhionann agus go ndéanfar gné na hinscne a chomhtháthú i ngach tionscnamh síochána agus slándála.

9. Leanfaidh an tAontas de chearta uile gach linbh a chur chun cinn agus a chosaint, go háirithe iad siúd atá i gcás leochaileach, agus urramóidh sé go hiomlán prionsabail agus forálacha ginearálta Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh agus na prótacail roghnacha a ghabhann leis[1]. Oibreoidh sé i ndlúthchomhar leis na Náisiún Aontaithe, go háirithe le hIonadaithe Speisialta an Ard-Rúnaí maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha agus maidir le Foréigean i gcoinne Leanaí. I gcomhthéacs na **Bliana Idirnáisiúnta um Shaothar Leanaí a Dhíothú in 2021**, cuirfidh an tAontas tionscnaimh chun cinn lena gcuideofar le saothar leanaí agus saothar éignithe de gach cineál a dhíothú ar fud an domhain agus tacóidh sé leis an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus í á cur chun feidhme.

10. Leanfaidh an tAontas **de sheasamh go daingean i gcoinne gach cineál idirdhealaithe** lena n-áirítear idirdhealú bunaithe ar ghnéas, cine, bunadh eitneach nó sóisialta, reiligiún nó creideamh, tuairim pholaitiúil nó aon tuairim eile, míchumas, aois, gnéaschlaonadh agus féiniúlacht inscne. Athdhearbhaíonn an tAontas go bhfuil sé tiomanta don chomhionannas agus don neamh-idirdhealú agus don uile dhuine a bheith i dteideal réimse iomlán chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a theachtadh. Glacfaidh an tAontas páirt chuiditheach comhsheasmhach i sainorduithe de chuid na Náisiún Aontaithe atá dírithe ar an bhforéigean agus ar gach cineál idirdhealaithe a chomhrac agus leanfaidh sé de thacú le hobair leantach na Náisiún Aontaithe chuige sin.

11. Leanfaidh an tAontas de pháirt chuiditheach a ghlacadh sna Náisiúin Aontaithe maidir leis an gciníochas, an t-idirdhealú ciníoch, an tseineafóibe agus aon éadulaingt ghaolmhar a chomhrac ar fud an domhain, chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach an Coinbhinsiún Idirnáisiúnta maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe Chiníoch a Dhíothú, go háirithe i gcomhthéacs **20 bliain a bheith ann ó glacadh Dearbhú Durban agus Clár Gníomhaíochta Durban**. Maidir leis na sásraí leantacha, arb ann dóibh cheana féin, a ghabhann le Dearbhú Durban agus Clár Gníomhaíochta Durban, leanfaidh an tAontas de bhéim a leagan ar a riachtanaí atá sé éifeachtacht na sásraí sin a chuíchóiriú agus a fheabhsú.

[1] Níor dhaingnigh gach Ballstát na prótacail roghnacha a ghabhann le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh.

12. Leanfaidh an tAontas dá thiomantas don t**saoirse reiligiúin nó creidimh** a chur chun cinn agus a chosaint. Cáinfidh sé aon idirdhealú, éadulaingt, foréigean agus géarleanúint bunaithe ar reiligiún nó ar chreideamh a dhéanann duine ar bith nó a fhulaingíonn duine ar bith. Cuirfidh an tAontas chun cinn agus cosnóidh sé an ceart atá ag gach duine chun a reiligiún nó a gcreideamh féin a bheith nó gan a bheith aige nó an creideamh nó reiligiún atá aige a athrú nó a léiriú, agus cáinfidh sé ag an am céanna aon choiriúlú a dhéanfar ar shéanadh creidimh agus aon mhí-úsáid a bhainfear as dlíthe blaisféime. Leanfaidh an tAontas den cheart chun tuairimí a nochtadh a chur chun cinn agus a chosaint agus de thacaíocht a thabhairt don phlé idirchreidimh mar uirlis éifeachtach chun cearta an duine a chur chun cinn. Rannchuideoidh an tAontas le cosc coinbhleachtaí, le hathmhuintearas agus le hiarrachtaí idirghabhála na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear trí rannchuidiú leis na hiarrachtaí chun an oidhreacht reiligiúnach a choimirciú, agus cearta an duine á n-urramú go hiomlán aige ag an am céanna.

13. Leanfaidh an tAontas lena chuid achainíocha ar gach stát urraim a thabhairt **do chearta na ndaoine sin ar de mhionlaigh iad**, bíodh siad de mhionlach náisiúnta, eitneach, reiligiúnach nó teanga, agus a gcearta a chosaint agus a chomhlíonadh chomh maith. Cuirfidh an tAontas i gcoinne gach cineál gríosaithe chun foréigin nó fuatha, bíodh sin ar líne nó as líne, agus, ag an am céanna, caomhnóidh sé an ceart chun saoirse tuairimíochta a theachtadh ina hiomláine. Leanfaidh an tAontas dá chuid buairimh a léiriú faoi chásanna dianseasmhacha de sháruithe agus de mhí-úsáidí ina gcoinne siúd ar mionlaigh iad, lena n-áirítear sa Chamarún, i Maenmar, sa Phacastáin, i gCónaidhm na Rúise agus san limistéir sin in oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht Rialtas na hÚcráine faoi láthair. I gcomhthéacs nasc-ghabháil mhídhleathach Phoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus chathair Sevastopol a rinne Cónaidhm na Rúise, leanfaidh an tAontas d'iarraidh ar údaráis na Rúise cearta na ndaoine uile ar de mhionlaigh eitneacha, náisiúnta agus reiligiúnacha inter alia, iad a urramú. Leanfaidh sé de bheith ag breathnú ar an staid i Réigiún Féinrialaitheach Xinjiang Uigiúr sa tSín, agus imní mhór air, go háirithe faoin líonra mór campaí athoideachais pholaitiúil, faoin bhfaireachas forleathan agus na srianta sistéamacha ar shaoirse reiligiúin nó creidimh, agus chomh maith leis sin faoi na tuairiscí faoi shaothar éignithe agus go bhfuil rialú breithe á mbrú ar na hUigiúraigh agus ar dhaoine eile ar de ghrúpaí mionlaigh iad. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh go dtabharfaí urraim don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh, don éagsúlacht chultúrtha agus don tsaoirse reiligiúin nó creidimh, go háirithe i Réigiún Féinrialaitheach Xinjiang Uighiúr, i Réigiún Féinrialaitheach na Tibéide agus i Réigiún Féinrialaitheach na hIon-Mhongóile.

14. Leanfaidh an tAontas de Dhearbhú na Náisiún Aontaithe maidir le Cearta na **bPobal Dúchasach** a chur chun cinn agus glacfaidh sé páirt ghníomhach i bhfóraim ina ndéantar plé ar chearta na bpobal dúchasach. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh feabhas a chur ar rannpháirtíocht ionadaithe agus institiúidí na bpobal dúchasach i gcomhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe maidir le saincheisteanna a dhéanann difear dóibh.

15. Neartóidh an tAontas an nasc idir **cearta an duine agus an comhshaol**, agus tacóidh sé le bearta lena dtugtar aghaidh ar thionchar tromchúiseach an athraithe aeráide, chailliúint na bithéagsúlachta agus dhíghrádú an chomhshaoil ar theachtadh iomlán chearta an duine, lena n-áirítear cearta an duine maidir le huisce óil sábháilte agus leis an tsláintíocht. Ina theannta sin, leagfaidh an tAontas béim ar a thábhachtaí atá an rochtain ar fhaisnéis, an rannpháirtíocht phoiblí sa chinnteoireacht agus an rochtain ar cheartas, i gcúrsaí comhshaoil. Leanfaidh an tAontas de bheith ag agairt ar na Stáit dlús a chur lena n-uaillmhian agus na gealltanais a thug siad faoi Chomhaontú Pháras agus faoi chomhaontuithe comhshaoil iltaobhacha eile a chur chun feidhme mar ábhar práinne. Beidh an tAontas gníomhach i gcónaí ó thaobh rúin na Náisiún Aontaithe maidir leis an nasc idir cearta an duine agus an aeráid agus an comhshaol agus beidh sé gníomhach freisin sa phlé atá ar bun faoi láthair faoin gceart chun comhshaoil shláintiúil, agus dearbhaíonn sé an athuair go bhfuil sé tiomanta go huile agus go hiomlán do shainorduithe ábhartha na Náisiún Aontaithe.

16. Tá rún daingean ag an Aontas Clár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don **Fhorbairt Inbhuanaithe** a chur i gcrích san Eoraip agus ar fud an domhain. Cuirfidh an tAontas cur chuige bunaithe ar chearta an duine chun cinn, lena gcuimseofar cearta uile an duine, bídís ina gcearta sibhialta, polaitiúla, eacnamaíocha, sóisialta nó cultúrtha, i gcroílár na dtionscnamh uile a bhaineann leis na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Athdhearbhóidh an tAontas a sheasamh go bhfuil an ceart chun forbartha bunaithe ar chineál uilíoch, doroinnte, idirghaolmhar agus idirspleách chearta an duine, agus gur daoine aonair gníomhaithe agus tiománaithe lárnacha an phróisis forbartha.

17. Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go gníomhach i bhfóraim na Náisiún Aontaithe chun aird a tharraingt ar thionchar na **dteicneolaíochtaí digiteacha nua agus na dteicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn** ar chearta an duine. Cuirfidh an tAontas i bhfios i gcónaí go mbíonn feidhm ag cearta an duine ar líne agus as líne, tacóidh sé le hidirlíon oscailte saor, seasfaidh sé leis an gceart chun príobháideachta agus chun cosanta sonraí, tabharfaidh sé aghaidh ar an bhfaireachas treallach agus ar an ollfhaireachas agus gníomhóidh sé, ag an am céanna, chun múchadh idirlín agus an chinsireacht, an fhuathchaint, an bhréagaisnéis agus an chibearchoireacht ar líne a chomhrac, agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine á chomhlíonadh go hiomlán aige. Cuirfidh an tAontas chun cinn cur chuige a bheidh bunaithe ar chearta an duine do dhearadh, forbairt, imscaradh, meastóireacht agus úsáid na hintleachta saorga (IS). Leanfaidh an tAontas de bheith rannpháirteach go gníomhach i gcur chun feidhme Threochlár Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe um an gComhar Digiteach, agus rachaidh sé i mbun oibre leis an gComhairle um Chearta an Duine sula bhfoilseofar an tuarascáil ó choiste comhairleach na Comhairle sin maidir le cearta an duine agus teicneolaíochtaí. Is iad litearthacht meán agus faisnéise na príomhbhearta fadtéarmacha a chuirfidh an tAontas chun cinn chun tabhairt faoin mbréagaisnéis.

18. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar gach stát feidhmiú cuí na **n-institiúidí daonlathacha a áirithiú, an smacht reachta,** prionsabail an dea-rialachais agus neamhspleáchas na mbreithiúna a urramú agus an tsaoirse ó phionós agus an éagothromaíocht a chomhrac. Gríosóidh sé na stáit seasamh leis na cearta chun rannpháirtíochta fónta i ngnóthaí poiblí, saoirse comhthionóil agus comhlachais shíochánta, saoirse tuairimíochta agus saoirse chun tuairimí a nochtadh, bíodh sin ar líne nó as líne. Leanfaidh an tAontas de dhiancháineadh a dhéanamh ar na bagairtí agus na hionsaithe a dhéantar ar iriseoirí, blagálaithe agus oibrithe eile sna meáin. Leanfaidh an tAontas de bheith ag meabhrú an fhreagracht atá ar na stáit a áirithiú go bhfuil a reachtaíocht, a mbeartais agus a ngníomhaíochtaí náisiúnta i gcomhréir lena n-oibleagáidí faoin dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus go gcomhlíontar an tsaoirse chun tuairimíochta agus chun tuairimí a nochtadh. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tabhairt aird ghéar ar mhéadú an statsmachta ar an spás ar líne agus leanfaidh sé de bheith ag cur ina choinne. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cosaint na bpróiseas daonlathach agus de bhearta a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar an mbréagaisnéis.

Aon srianta i gcomhthéacs phaindéim COVID-19, ba cheart dóibh a bheith i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta. Leanfaidh an tAontas, agus imní mhór air, de dhianbhreathnú a dhéanamh ar staid chearta an duine san Asarbaiseáin, i mBairéin, sa Bhanglaidéis, sa Bhurúin, sa Chambóid, i Sead, sna hOileáin Chomóra, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, san Éigipt, san Eiritré, sa Ghuine Mheánchiorclach, i Háití, san Iaráin, i Mailí, sna hOileáin Fhilipíneacha, sa tSomáil, i Srí Lanca, i Nicearagua, i gCónaidhm na Rúise, i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus i gCathair Sevastapol, a ghabh Cónaidhm na Rúise chuici féin go neamhdhleathach, i gceantair in oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht Rialtais na hÚcráine faoi láthair, san Araib Shádach, sa Tansáin, sa Táidsíceastáin, sa Tuirc, sa Tuircméanastáin, i Veiniséala, i Vítneam agus sa tSiombáib. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar an mBealarúis éirí as fórsa iomarcach a úsáid i gcoinne léirsitheoirí síochánta agus gach duine atá á choinneáil go treallach a scaoileadh saor. Tá imní an domhain ar an Aontas faoina bhfuil ag tarlú i Maenmar/Burma. Leanfaidh sé de bheith ag éileamh go scaoilfí saor láithreach gach duine acu siúd atá faoi choinneáil i ndáil leis an *coup* míleata, go n-athbhunófaí an Rialtas sibhialta dlisteanach agus, lena chois sin, go n-urramófaí cearta an duine, saoirsí bunúsacha agus an smacht reachta. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tathant ar na húdaráis i mBéising agus ar rialtas Hong Cong urraim a thabhairt do smacht reachta Hong Cong, do chearta an duine, do phrionsabail dhaonlathacha, do bhreithiúna neamhspleácha agus d'ardleibhéal neamhspleáchais i gcomhréir le Bundlí Hong Cong agus le gealltanais idirnáisiúnta na Síne. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cur in iúl gur cúis mhór imní dó patrún diúltach leanúnach chúngú an spáis don fhreasúra, don tsochaí shibhialta, do chosantóirí chearta an duine agus do ghuthanna neamhspleácha i gCónaidhm na Rúise.

19. Leanfaidh an tAontas de bheith ag seasamh go tréan i gcoinne **phionós an bháis** i ngach imthoisc. Molfaidh sé do na stáit sin atá i bhfách le pionóis an bháis a dhíothú an Dara Prótacal Roghnach don Chúnant Idirnáisiúnta ar Chearta Sibhialta agus Polaitiúla a dhaingniú. Cáinfidh an tAontas cur i bhfeidhm phionós an bháis agus iarrfaidh sé ar na tíortha deireanacha sin a bhfuil sé á chur i bhfeidhm fós acu é a dhíothú nó, ar a laghad, moratóir a thabhairt isteach mar chéim tosaigh roimh a dhíothú iomlán dlíthiúil agus, i gcás na stát sin ina bhfuil moratóir cheana, gríosóidh sé iad céimeanna a thabhairt lena dhíothú go hiomlán.

20. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cáineadh na húsáide forleathana a bhaintear, ar fud an domhain, as **céasadh** agus as íde nó pionós eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach, ar mó í anois mar gheall ar phaindéim COVID-19, agus déanfaidh sé iarracht deireadh a chur leis na cleachtais sin go domhanda. Leanfaidh sé d'iarrachtaí a chur chun cinn chun an trádáil in earraí a úsáidtear le haghaidh phionós an bháis agus céasadh a thoirmeasc tríd an gComhghuaillíocht Dhomhanda ar son Trádáil Gan Chéastóireacht. Leanann an tAontas de shúil ghéar a choinneáil ar na hiliomad cásanna céasta agus droch-íde atá á dtuairisciú, agus ar cúis mhór imní iad dó, go háirithe sa Bhurúin, i gCónaidhm na Rúise (go háirithe ar chríoch Phoblacht na Seisnia), i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé agus cathair Sevastopol, a ghabh Cónaidhm na Rúise chuici féin go neamhdhleathach, i gceantair in oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht Rialtas na hÚcráine faoi láthair, i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó, i nDaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré, san Éigipt, san Iaráin, sa Libia, i Maenmar/Burma, i Nicearagua, sa Phacastáin, san Araib Shádach, sa tSúdáin Theas, sa tSiria, i Veiniséala agus in Éimin. Tá an-imní ar an Aontas i gcónaí faoi na cásanna coinneála treallaí, droch-íde agus céastóireachta atá á dtuairisciú sa tSín agus iarrann sé ar na húdaráis imscrúdú iomlán a dhéanamh orthu. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cáineadh an iliomad gníomhartha céastóireachta arna dtuairisciú mar aon leis an íde eile atá cruálach, mídhaonna nó táireach i bpríosúin agus in ionaid choinneála sa Bhealarúis agus leanfaidh sé d'imscrúdú iomlán trédhearcach a iarraidh ina leith.

21. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar gach stát an **dlí daonnúil idirnáisiúnta** (DDI) agus an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine a chomhlíonadh agus rochtain iomlán gan bhac ar gach áit sa tír a áirithiú chun cabhair dhaonnúil a thabhairt do na pobail sin atá i ngátar agus cosaint éifeachtach a thabhairt d'oibrithe daonnúla agus míochaine. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tathant ar na páirtithe i gcoinbhleachtaí armtha gach beart is gá a dhéanamh chun sibhialtaigh, go háirithe mná agus leanaí, a chosaint. Chuige sin, coinneoidh sé súil ghéar ar an staid i bPoblacht Fhéinrialaitheach na Crimé, a ghabh Cónaidhm na Rúise chuici féin go neamhdhleathach agus i gceantair in oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht ag Rialtas na hÚcráine faoi láthair, san Aetóip, i réigiún na Saiheile, i Maenmar/Burma, san Afganastáin, i bPoblacht na hAfraice Láir, sa chríoch Phalaistíneach faoi fhorghabháil ina bhfuil oibleagáidí ar Iosrael faoin dlí daonnúil idirnáisiúnta (DDI), sa Libia, in Éimin agus sa tSiria, áit a bhfuil ceangal ar na páirtithe uile sa choinbhleacht DDI a urramú agus a chomhlíonadh. Leanfaidh an tAontas de rochtain gan choinníoll gan bhac a iarraidh do shásraí faireacháin na Náisiún Aontaithe agus sásraí faireacháin um chearta an duine ar gach críoch, gach réigiún agus gach crios coinbhleachta lena n-áirítear réigiúin scarúnaíocha na Seoirsia, an Abcáis agus an Oiséit Theas, Poblacht Fhéinrialaitheach na Crimé, a ghabh Cónaidhm na Rúise chuici féin go neamhdhleathach, agus ceantair in oirthear na hÚcráine nach bhfuil faoi smacht ag Rialtas na hÚcráine faoi láthair. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar na páirtithe i gcoinbhleacht Nagorno-Karabakh DDI a urramú. Leanfaidh an tAontas de bheith ag tacú le bailiú agus doiciméadú fianaise faoi gach sárú ar DDI agus ar sháruithe agus ar mhí-úsáidí an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, chun na daoine sin atá freagrach a imscrúdú agus a ionchúiseamh. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do shásraí amhail na Coimisiúin Fiosrúcháin faoi shainordú na Náisiún Aontaithe agus Sásraí Idirnáisiúnta, chun an bealach a réiteach agus na daoine a rinne coireanna tromchúiseacha a thabhairt chun cuntais.

22. Seasann an tAontas le prionsabail chearta an duine i ndáil le **dídeanaithe**, daoine easáitithe ina dtír féin agus imircigh, agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí, ar mhná agus ar dhaoine eile atá i staid leochaileach. Le cur chuige cuimsitheach an Aontais i ndáil leis an imirce, leanfar de bheith ag díriú ar aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta agus an easáitithe éignithe, ag tacú le tíortha maidir le rialachas imirce, ag cur isteach ar shamhlacha gnó na smuigléirí imirceach agus na ngáinneálaithe ar dhaoine, ag feabhsú bhainistiú theorainneacha seachtracha na hEorpa agus ag cur deiseanna ar fáil le haghaidh conairí dlíthiúla agus, ag an am céanna, na hinniúlachtaí náisiúnta á lánurramú agus aird chuí á tabhairt ar na dálaí reatha iarbhír arna gcruthú ag paindéim COVID-19. Leanfaidh an tAontas de bheith ag iarraidh ar gach stát an gháinneáil ar dhaoine a chosc, íospartaigh na gáinneála a chosaint agus cur chuige atá íogair ó thaobh inscne agus páistí de a fheidhmiú, agus ionchúiseamh éifeachtach a áirithiú do dhéantóirí na coire.

23. Is bagairt an-tromchúiseach ar an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta iad an **sceimhlitheoireacht** agus an choireacht eagraithe. Iarrann an tAontas ar gach stát a áirithiú go mbeidh aon fhreagairt ar choireanna sceimhlitheoireachta agus ar an gcoireacht eagraithe ag teacht go hiomlán leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, an dlí daonnúil agus an dlí idirnáisiúnta um dhídeanaithe. Chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac, ní mór tús áite a thabhairt do na híospartaigh agus a áirithiú go ndéanfar cearta na n-íospartach a chosaint agus a chur chun cinn.

24. Chun Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe **maidir le Gnó agus Cearta an Duine** a chomóradh agus iad 10 mbliana ar an bhfód, neartóidh an tAontas a rannpháirtíocht i bhfóraim na Náisiún Aontaithe um chearta an duine agus le tíortha comhpháirtíochta chun a gcur chun feidhme domhanda a chur chun cinn agus i dtreis go gníomhach, lena n-áirítear trí thacú le glacadh pleananna gníomhaíochta náisiúnta agus trí oibriú chun creat cuimsitheach de chuid an Aontais a bhunú. Sa chomhthéacs sin, tabharfaidh an tAontas tacaíocht iomchuí d'obair Mheitheal na Náisiún Aontaithe um Ghnó agus Cearta an Duine, ina cuid iarrachtaí treochlár athnuaite a chruthú don chéad deich mbliana eile den ghnó agus cearta an duine. Ina theannta sin glacfaidh an tAontas páirt ghníomhach i bpléití na Náisiún Aontaithe maidir le hionstraim um ghnó agus cearta an duine, a bheadh ceangailteach ó thaobh dlí, agus arb aidhm dóibh ionstraim a chur chun cinn lena bhféadfar feabhas éifeachtach a chur ar an gcosaint a thugtar d'iospartaigh sháruithe agus mhí-úsáidí chearta an duine a bhaineann le gnó agus cothrom iomaíochta níos domhanda a chruthú.